

Biseach 2010

Iris Chumann Forbartha Chois Fharraige

AN CLÁR

ÁBHAR	LCH.
Tairbhe an Acadaimh	3
Teálta Uí Fhlannabhra	7
Iontaobhas Niall Mellon	11
An Canónach Micheál	13
Don Rúis le Grá	17
Drámaíocht	23
An Tulaigh	26
Seanfhocla	31
Leabhar Jimmí	36
Thar Sáile	37
Scoil Cholmcille	39
Scoil Sailearna	42
Coláiste Cholmcille	45
Na Breathnaigh	47
Camógaíocht	51
Liathróid Láimhe	53
Siúlóid	58
Siar sna Blianta	59
Páidín an Bhata Mhóir	64

Eagarfhocal

In ainneoin na doininne airgeadais atáthar a fhógairt lá i ndiaidh lae, tá cuid mhór de lucht gnó an cheantair tar éis lámh a chur go doimhin ina bpóca aríst i mbliana chun cuidiú go flaithiúil leis an eagrán reatha seo den iris BISEACH trí fhógraíocht a a chur ar fail di. Níor mhiste do mhuintir na háite an fhlaithiúlacht sin a chúiteamh ar ais leo nuair a théann amach ag ceannacht agus ag siopadóireacht in áit a bheith ag caitheamh an airgid istigh sa mbaile mór. Má thugann muid fhéin tacaíocht dá chéile sa gcruatan reatha seo tiocfaidh muid ar fad slán as mar a rinneadh go minic cheana.

Tá buíochas mór dlite freisin don uile dhuine a chuir altanna agus pictiúir ar fail don iris seo aríst eile, mar atá déanta acu leis na blianta. Murach an obair dheonach ar fad a dhéanann daoine go fonnmar ar fud an cheantair is iomaí duine a bheadh fágtha ar an bhfaraor ghéar, go háithrid na daoine óga a bhfuil seirbhís agus áiseanna spóirt den scoth á gcur ar fail dóibh mar chaitheamh aimsire. Agus go deimhin tá comhghairdeas ag dul do na daoine óga céanna sin atá ag baint tairbhe den scoth as a bhfuil ar fail acu, agus iad ag déanamh éachtaí spóirt go háitiúil, ar fud an chontae, ag an leibhéal náisiúnta agus fiú ag an leibhéal domhanda lena gcuid gaiscí i gcúirteanna liathróid láimhe.

Baineadh muid fuinneamh agus

sásamh as obair agus as éachtaí phobal an pharóiste seo, agus ná tagadh aon lagachan mhisnigh orainn má thiteann lúb ar lár ó am go chéile. Caithfear díriú isteach ar a leithéidí de chásanna, gan dabht, agus iarracht a dhéanamh iad a réiteach as an mbealach, ach leanadh muid orainn ina dhiaidh sin ag tacú lena chéile, idir óg agus aosta, ag déanamh mórtais as a bhfuil bainte amach go dtí seo agus ag díriú ar an obair atá fós le déanamh.

Chuige sin, teastaíonn cabhair agus cúnamh agus teastaíonn daoine le obair dheonach a dhéanamh. Mar sin, má tá aon am le sparáil agat tá neart coistí thar sa gceantar a bhíonn ag iarraidh lámh chunta i gconaí agus beidh míle fáilte acu roimh do bhallraíocht, tá mé cinnte. Má tá spéis agat sin a dhéanamh, níl ort ach teagmháil a dhéanamh le haon duine atá ar aon cheann de na coistí spóirt nó forbartha agus cuirfidh siad sin ar an eolas thú.

Mar fhocal scoir, bheirim míle buíochas aríst don uile dhuine a thug ábhar nó cúnamh chun BISEACH 2010 a chur ar fáil agus tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo. Go raibh Nollaig mhór mhaith agaibh ar fad, an mhuintir sa mbaile agus gach a bhfuil thar sáile, agus go mba seacht fearr a bheas muid uilig bliain ón am seo.

Clúdach tosaigh: An Teálta nua a tógadh ag Tearmann Éanna in omós don Ath. Micheál Ó Flannabhra. Seán Ó Raighne a thóg an pictiúr.